Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/271

7.2.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/271 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 4 Feabhra 2025**

**maidir le glacadh le rannchuidiú tríú Stát le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (EUNAVFOR ASPIDES/2/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh leis na rannchuidithe atá beartaithe ó thríú Stáit le EUNAFOR ASPIDES, ar mholadh ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh agus ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC).

(2) I ndiaidh na moltaí ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais agus ó EUMC i dtaca le rannchuidiú ó Phoblacht na hAlbáine, ba cheart glacadh leis an rannchuidiú sin agus é a mheas mar rannchuidiú suntasach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Glactar leis an rannchuidiú ó Phoblacht na hAlbáine le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES), agus meastar gur rannchuidiú suntasach é.

2. Tá Poblacht na hAlbáine díolmhaithe ó ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh le buiséad EUNAVFOR ASPIDES.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

([1]) IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.